

Faisnéis faoin obair leantach ar an ilghearán a cláraíodh faoin tagairt CPLT(2022)03325 – Sárú féideartha ag an bhFrainc ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomharbas (Rialachán (AE) Uimh. 650/2012) – nuashonrú

Sa teachtaireacht seo tugtar faisnéis faoi obair leantach an Choimisiúin ar an tsraith gearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha thuas.

Líomhnaíonn na gearánaigh go bhfuil Airteagal 913 (3) de Chód Sibhialta na Fraince contrártha do Rialachán (AE) Uimh. 650/2012¹ agus, go háirithe, don fhoráil lena gceadaítear do thiomnóirí a roghnú gurb é an dlí náisiúnta a rialódh a gcomharbas ina iomláine dlí náisiúnta a náisiúntachta féin.

Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar na líomhaintí a ndearnadh sna gearáin. Tar éis an réamh-measúnaithe sin, an 11 Nollaig 2023 chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le húdaráis na Fraince chun faisnéis bhreise a bhailiú. Fuair an Coimisiún freagra údarás na Fraince an 12 Feabhra 2024 agus tá measúnú a dhéanamh aige anois ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir leis na chéad chéimeanna eile.

Cuirfidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas tríd an suíomh gréasáin seo faoi aon chéim eile a chinnfidh sé a dhéanamh.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú